PREAB ISTEACH SAN EARRACH!

De ghnáth in Éirinn, tosaíonn an tEarrach ar an 1 Feabhra agus maireann sé go deireadh Aibreáin. Meastar i dtraidisiúin eile gurb é Márta tús an Earraigh. Pé scéal é, san Earrach feictear ainmhithe ag dúiseacht agus roinnt acu ag teacht amach tar éis geimhriú a dhéanamh, éiríonn na laethanta níos faide agus níos teo, fásann agus tagann plandaí i mbláth arís agus tosaíonn feirmeoirí ag cur a mbarr don séasúr úr. I dtíortha sa Leathsféar Theas, amhail Peiriú, an Afraic Theas agus an Nua-Shéalainn, ceiliúrtar an tEarrach ó Mheán Fómhair go Samhain

Is san fhéile Cheilteach Imbolc atá Lá Fhéile Bríde bunaithe, b'fhéilte tábhachtacha dár sinsir iad. B'ionann na laethanta féile seo agus deireadh an gheimhridh agus an tús a bhain le laethanta níos gile agus fás úr. D'iarradh daoine ar Bhríd dá cosaint trína crosóga a chrochadh ina dtithe agus sna sciobóil. Cheiliúraidís le béilí speisialta ar nós prátaí le him úr agus cístí úll. Théadh grúpaí de 'Biddy Boys', iad gléasta i dtuí, ó theach go teach, agus ceiliúradh Naomh Bríd á dhéanamh acu..

Idir Márta agus Meán Fómhair, mar gheall ar chlaonadh an domhain ar a ais, bíonn claonadh níos mó ag an Leathsféar Thuaidh i dtreo na gréine. Méadaítear leis seo líon na n-uaireanta maidir le solas an lae, mar sin de bíonn laethanta níos faide agus níos teo ag tíortha amhail Éire.

Líon na bearnaí leis na focail thíos……

CAITÍNÍ	COILEÁIN	TORBÁIN
PLÚIRÍNÍ SNEACHTA	NEADACHA	TALAMH

- *Beireann froganna glóthach froig i locháin san Earrach, a ndéantar _____ díobh sa deireadh.*
- *Tá _____ ar cheann de na chéad bhláthanna a fhásann i bhFeabhra.*
- *Beirtear formhór _____ sionnaigh i Márta agus fanann siad lena dtuismitheoirí ar feadh 7 mí, a bheag nó a mhór.*
- *Tá coll ar cheann de na chéad chrainn dhúchasacha le bláthú san Earrach, a thugann _____ buí.*
- *Cónaíonn giorriacha os cionn _____, agus logán beag á dhéanamh acu san fhéar fada ar a dtugtar 'gnáthóg'.*
- *Tosaíonn éin a _____ a thógáil san Earrach, chun a n-uibheacha a bhreith agus a sicíní a thógáil.*

Cuardaigh na plandaí agus na hainmhithe seo i bPáirc an Chaisleáin!

PLÚIRÍN SNEACHTA	**LUS AN CHROMCHINN**
SPIDEOG	**LON DUBH**
SABHAIRCÍN	**CRÓCH**
SMÓLACH	**IORA**

Léirigh na ceithre 'laethanta cinn ráithe' le haghaidh na bliana in Éirinn tús gach séasúir úir: Imbolc (Earrach) ar an 1 Feabhra; Bealtaine (Samhradh) ar an 1 Bealtaine; Lúnasa (Fómhar) ar an 1 Lúnasa agus Samhain (Geimhreadh) ar an 1 Samhain..